

DUBLIN DART:
Going Underground

DART ÁTHA CLIATH:
Ag Gabháil faoi Thalamh



JOINED-UP THINKING *FOR DUBLIN*
SMAOINEAMH AR LEAN DO DO BHAILE ÁTHA CLIATH

DART:

One of the great transport success stories

Since its launch on July 23, 1984 the DART service has become one of the country's greatest public transport success stories with more than 420 million journeys made by passengers.

Over the years, the service has grown and developed to meet the needs of the city and the communities it serves. Passenger numbers on the service have grown to a situation where 20 million journeys annually are now made by DART.

Now, with DART Underground, the service is set to play the strongest role in the transport needs of our city, our region and the country, in the years ahead.

DART:

Ceann de na mór-scéalta iompair

Ceann de na mór-scéalta iompair a bhfuil éirithe leis í seirbhís DART ó seoladh í an 23 Iúil 1984 agus go dtí seo tá breis is 420 milliún aistear déanta ag paisinéirí.

Le blianta anuas tháinig fás agus forbairt ar an tseirbhís chun freastal ar riachtanais na cathrach agus ar an bpobal a ndéanann sí freastal air. Tá ardú tagtha ar líon na bpaisinéirí ar an tseirbhís le 20 milliún turas ar an DART in aghaidh na bliana faoi láthair.

Anois, le teacht DART Faoi Thalamh, beidh an ról is láidre ag an tseirbhís ó thaobh riachtanas iompair ár gcathrach, ár réigiúin agus na tíre sna blianta amach romhainn.



DART UNDERGROUND:

The Missing Link

DART Underground is the missing link that will provide Dublin, for the first time, with an integrated and seamless commuter rail network. It is the most significant piece of rail infrastructure to be constructed under the Government's Transport 21 investment programme.

DART Underground will deliver a second high capacity DART line which will run underground through the heart of Dublin City Centre.

The tunnel will be approximately 7.6 Km in length and will connect the Northern and Kildare lines, with underground stations strategically located at Spencer Dock, Pearse, St. Stephen's Green, Christchurch and Heuston, as well as a new surface DART station at Inchicore.

DART Underground will link all rail systems - DART, Commuter, Intercity, Luas and Metro - to form an accessible integrated transport network for Dublin.

DART Underground will treble the numbers travelling on the greater Dublin commuter network to over 100 million passenger journeys annually.



Spencer Dock Platform
Ardán Dhuga Spencer



DART FAOI THALAMH: An Lúb ar Lár

Is é Dart Faoi Thalamh an lúb ar lár a sholáthróidh líonra iarnróid comaitéirí cónasctha gan uaim do cheantar Bhaile Átha Cliath don chéad uair riamh. Is é an mórhionscadal infrastruchtúir iarnróid is mó a thógfar faoi chlár infheistíochta lompar 21 an Rialtais.

DART Underground Portal
Tairseach DART Faoi Thalamh

Déanfaidh DART Faoi Thalamh dara líne DART ard-acmhainneach faoi thalamh trí Lár Bhaile Átha Cliath a sheachadadh.

Beidh an tollán thart ar 7.6 km in achar agus nascfaidh sé Líne Chill Dara agus Líne Iarnróid an Tuaiscirt le chéile trí stáisiún faoi thalamh a bheidh go straitéiseach ag Duga Spencer, Faiche Stiabhna, Heuston, agus ag Stáisiún na bPiarsach chomh maith le stáisiún Dart nua os cionn talún ag Inse Chór.

Nascfaidh Dart Faoi Thalamh na córais iarnróid go léir – DART, Comaitéirí, Luas agus Meitreo – chun líonra iompair cónasctha inrochtaine a chruthú do Bhaile Átha Cliath.

Ardóidh DART Faoi Thalamh líon na ndaoine a bheidh ag taisteal ar líonra comaitéirí Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath faoi thrí go dtí breis is 100 milliún turas paisinéirí in aghaidh na bliana.

Why We Need DART UNDERGROUND

The population of Dublin and surrounding counties is predicted to reach over 2 million by 2022 with much of this growth occurring within the expanding Dublin commuter rail network.

While Dublin's transport system has seen significant investment in recent years the reality is that limitations exist which prevent the network from fully satisfying the forecast passenger demand in the Greater Dublin Area.





Inchicore Platform
Ardán Inse Chór

DART Underground is the key to unblocking the congestion. It will facilitate two high capacity DART lines operating without the conflicts and restrictions that currently limit the number of services.

The result will be more trains, more frequently, on all lines into Dublin.

Cén fáth go dteastaíonn DART FAOI THALAMH?

Meastar go sroichfidh daonra Bhaile Átha Cliath agus na contaetha máguaird 2 mhilliún roimh 2022 agus cuid mhór den fhás seo ag tarlú laistigh de líonra iarnróid comaitéirí Bhaile Átha Cliath atá ag fás.

Siúd is go ndearnadh infheistíocht shuntasach i gcóras iompair Bhaile Átha Cliath le blianta beaga anuas is í fírinne an scéil go bhfuil teorainneacha i gceist a chuireann bac ar an líonra freastal go hiomlán ar an éileamh a mheastar a bheidh ann ó phaisinéirí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.



Inchicore Entrance
Bealach Isteach Inse Chór

DART Faoi Thalamh a réiteoidh an plódú tráchta. Éascóidh sé oibriú dhá líne ard-acmhainne DART gan na coimhlintí agus na srianta a chuireann teorainn le líon na seirbhísí faoi láthair.

An toradh a bheidh air sin ná níos mó traenacha, níos minice, ar gach líne isteach go Baile Átha Cliath.

Integrating, connecting & delivering

With this project, DART trains on the Northern line will by-pass Connolly Station and enter the tunnel in Dublin's Docklands before continuing on to underground stations at Spencer Dock, Pearse, St. Stephen's Green, Christchurch and Heuston.

Trains emerge from the tunnel at Inchicore, enabling future DART services onward to Celbridge/Hazelhatch in Co. Kildare.

The new underground stations will link all rail services in a single, integrated and cohesive network...

- >> Spencer Dock Station with the expanding Luas Red Line
- >> Pearse Station will become a central transport hub as both DART lines interchange there, opening up a web of new rail connections. Pearse will also link with outer Commuter services.
- >> St. Stephen's Green will have convenient access to the expanding Luas Green Line and the Metro North to the Airport and Swords.
- >> Christchurch with Luas City Centre Lucan line.
- >> Heuston Station links to Intercity services from the South and the West, outer Commuter trains and the Luas Red Line.
- >> Trains emerge from the tunnel at a new surface DART station at Inchicore.





Ag cónascadh, ag nascadh & ag seachadadh

Leis an tionscadal seo rachaidh traenacha DART ar Líne an Tuaiscirt thar Stáisiún Uí Chonghaile agus isteach sa tollán ag Dugthailte Bhaile Átha Cliath sula ngluaisfidh siad ar aghaidh go dtí stáisiún faoi thalamh ag Duga Spencer, Stáisiún na bPiarsach, Faiche Stiabhna, Teampall Chríost agus Heuston.

Tiocfaidh traenacha amach as an tollán ag Inse Chór agus beidh seirbhísí DART in ann dul ar aghaidh go Collchoill & Cill Droichid i gContae Chill Dara amach anseo.

Nascfaidh na stáisiúin nua faoi thalamh na seirbhísí iarnróid go léir i líonra amháin leanúnach cónasctha...

- >> Stáisiún Duga Spencer leis an Líne Luas Dhearg atá ag leathnú
- >> Beidh Stáisiún na bPiarsach ina mhol láir iompair mar beidh aomhal idir an dá líne DART ansin, rud a osclóidh líonra nasc iarnróid nua. Nascfaidh Stáisiún na bPiarsach le seirbhísí Comaitéirí seachtracha freisin.
- >> Beidh rochtain chaoithiúil ag Stáisiún Fhaiche Stiabhna ar Líne Luas Uaine atá ag leathnú agus ar an Meitreo Thuaidh a rachaidh go dtí an tAerfort agus Sord.
- >> Teampall Chríost ar Líne Luas Lár na Cathrach go Leamhcán.
- >> Nascfaidh Stáisiún Heuston le seirbhísí Idirchathracha ón Deisceart agus ón Iarthar, traenacha Comaitéirí seachtracha agus an Líne Luas Dhearg.
- >> Tiocfaidh na traenacha as an tollán ag stáisiún DART os cionn talún ag Inse Chór.

Releasing full potential of rail network

DART Underground is not a stand alone project. The tunnel is part of a wider package of measures, including

- >> electrification of the lines to extend the DART towards Drogheda, Maynooth and Hazelhatch
- >> signalling and track capacity enhancements to allow more trains to run more frequently
- >> and significant expansion of the fleet and train depot facilities.

All of these works will pave the way for the completed DART Underground to fill in the vital link that will release the full potential of this expanded and improved rail network into and out of Dublin.



Pearse Station
Stáisiún na bPiarsach

Láncumas an líonra traenach

Ní tionscadal as féin é DART Faoi Thalamh. Is cuid de phacáiste bearta níos leithne é, lena n-áirítear:

- >> leictriú na línte leis an DART a leathadh i dtreo Dhroichead Átha, Mhaigh Nuad agus Chollchoille,
- >> feabhsuithe ar chomharthaíocht agus ar acmhainn ráillí chun níos mó traenacha a rith níos minice
- >> agus méadú suntasach ar an bhflít agus ar shaoráidí lasta traenach.

Tabharfaidh na hoibreacha seo go léir deis don DART Faoi Thalamh nuair a bheidh sé críochnaithe an nasc ríthábhachtach a dhéanamh ionas go mbainfear an méid agus is féidir amach as an líonra iarnróid leathnaithe agus feabhsaithe a thaistealóidh isteach agus amach ó Bhaile Átha Cliath.



Pearse Station: Ticket Barriers
Stáisiún na bPiarsach: Bacainní Ticéad



DART Train Interior
An taobh istigh de Thraein DART

The Travelling Experience

DART Underground will make going where you want, when you want, faster and more convenient. The capacity of trains per hour on the commuter routes into Dublin will increase greatly on the Northern, Maynooth and Kildare lines.

The system is being developed with a capacity for up to 20 trains each direction per hour, allowing up to 64,000 commuters to use the line hourly.

For everyone, it will mean increased choice of routes, less congestion and faster, more reliable connections to destinations all along the railway system.



Do Chuid Taistil

Ar DART Faoi Thalamh rachaidh tú in áit atá uait níos tapa agus níos éasca. Méadóidh acmhainn iompair na dtraenacha in aghaidh uair a chloig ar bhealaí comaitéirí go Baile Átha Cliath ar Líne Iarnróid an Tuaiscirt, ar Líne Mhaigh Nuad agus ar línte Chill Dara.



Tá an córas á fhorbairt d'acmhainn suas le 20 traein gach treo san uair ar a mbeidh 64,000 comaitéar in ann an líne a úsáid in aghaidh na huaire.

Ciallóidh sé sin go mbeidh níos mó rogha ó thaobh bealaí, níos lú plódú tráchtá, agus naisc níos tapúla ar féidir brath orthu trasna an chórais traenach ag gach duine.

Web of new travel choices and connections

DART Underground will open up a web of new rail connections, create new journey opportunities and offer an array of destination choices. Take a few examples:

- >> Coming from Cork on Intercity and heading for the Airport – take a DART from Heuston to St. Stephen's Green and the Metro North to your terminal.
- >> Living in Malahide but working in Sandyford – A DART to Stephen's Green and jump on a Luas
- >> Living in Bray but studying in Maynooth – take the DART all the way, from home to college.

DART Underground connecting and integrating, suburb to suburb, commuter belt to City Centre, cities and towns to destinations in Dublin and surrounding counties.



Heuston Station Platform
Ardán Stáisiúin Heuston

Líonra de roghanna agus naisc taistil nua

Cruthóidh DART Faoi Thalamh líonra nasc traenacha nua, cruthóidh sé roghanna ó thaobh turas agus tabharfaidh sé ilroghanna ceann scribe. Mar shampla:

- >> Ag teacht ó Chorcaigh ar thraein idirchathrach agus ag dul i dtreo an Aerfoirt – tóg an DART ó Stáisiún Heuston chuig Stáisiún Fhaiche Stiabhna agus an Meitreo Thuaidh chuig do chríochfort cuí.
- >> Cónaí i Mullach Íde ach ag obair in Áth an Ghainimh – Tóg an DART chuig Fhaiche Stiabhna agus léim ar an Luas.
- >> Cónaí ort i mBré ach ag staidéar i Maigh Nuad – Tóg an DART an bealach go léir ón mbaile go dtí an coláiste.

DART Faoi Thalamh ag nascadh agus ag cónascadh bruachbhaile go bruachbhaile, ó chrios comaitéirí go Lár na Cathrach, cathracha agus bailte go háiteanna i mBaile Átha Cliath agus sna contaetha máguaird.



Heuston Station Concourse
Dorchla Stáisiúin Heuston

Unlocking the benefits

DART Underground is a project of national importance and will have a key role to play in Ireland's continuing journey of social and economic progress.

From improving journey times across the Greater Dublin Area, to easing congestion and offering better connections, DART Underground will benefit millions of commuters across Ireland.

The greatly improved access to key retail, commercial, leisure and tourist destinations in Dublin will be of major economic benefit to the capital city, and the country as a whole.

DART Underground will contribute to a more inclusive society, bringing specific benefits to the mobility impaired, non car owners and low income groups.



Na buntáistí is fearr

Is tionscadal é DART Faoi Thalamh a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis agus príomhról aige le cur le dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíochta na hÉireann.

Tabharfaidh DART Faoi Thalamh buntáistí do na milliúin chomaitéirí ar fud na hÉireann, trí fheabhas a chur ar amanna turas trasna Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, trí phlódú tráchta a mhaolú, agus trí naisc níos fear a chruthú.

Déanfaidh an teacht níos fear ar phríomhionaid turasóireachta, fóillíochta, tráchtála agus miondíola leas mór ó thaobh na heacnamaíochta don phríomhchathair agus don tír i gcoitinne.

Cuideoidh DART Faoi Thalamh le sochaí níos uilechuimsithí a chothú trí bhuntáistí sainsiúla a thabhairt do dhaoine lena mbaineann bac gluaiseachta, daoine nach bhfuil carranna acu agus grúpaí daoine ar ioncam íseal.



A driver of economic growth

DART Underground will bring jobs to the people and people to the jobs.

As well as vital new infrastructure, DART Underground will also have a central role to play as a driver of economic growth. It will create significant employment, up to 7,000 jobs directly in each year of construction, with many more thousands of jobs indirectly.

The Dublin Transportation Office Platform for Change estimated that the DART Underground will directly serve over 220,000 employment places within a one kilometre walk radius in the city centre by 2031.

Improved rail access to the centre of Dublin is crucial to the city's future growth and prosperity



Spencer Dock Station
Stáisiún Duga Spencer

Ag cur le borradh eacnamaíochta

Tabharfaidh DART Faoi Thalamh poist chuig na daoine agus na daoine chuig na poist.

Chomh maith le bheith ina infrastrúchtúr ríthábhachtach beidh ról lárnach ag Dart Faoi Thalamh freisin ó thaobh borradh a chur faoin eacnamaíocht. Cruthóidh sé fostaíocht shuntasach, suas le 7,000 post go díreach le linn gach bliain tógála, chomh maith leis na mílte post eile go hindíreach.

Tá sé measta ag Oifig Bhaile Átha Cliath 'Platform for Change' go bhfreastalóidh an DART Faoi Thalamh ar 220,000 áit fostaíochta go díreach laistigh de chiliméadar siúil i lár na cathrach faoi 2031.

Tá sé fíor-thábhachtach go mbeadh iarnród níos fearr chuig lár Chathair Bhaile Átha Cliath ar fáil le go bhfásfaidh an chathair agus go dtiocfaidh rath uirthi.



Spencer Dock Concourse
Dorchla Dhuga Spencer



DART Underground Ticket Sales
Díolachán Ticead DART Faoi Thalamh

DART UNDERGROUND: How it will be built

DART Underground is an ambitious and challenging project requiring 7.6 Km of twin bore tunnel at an average depth of 24 metres, or some 80 feet, below ground.

The underground stations will be constructed using techniques that will minimise the effect for the local communities and environment.

The project is currently at an advanced planning stage with a view to submitting a Railway Order Application in 2010. It is anticipated that construction will take approximately six years.



DART FAOI THALAMH: Conas a thógfar é?

Is tionscadal uailmhianach agus dúshlánach é DART Faoi Thalamh ina mbeidh 7.6 Km de tholláin tollta dúbailte ag meándhoimhneacht de 24 méadar nó thart ar 80 troigh faoin talamh.

Tógfar na stáisiúin faoi thalamh leis na teicnící a laghdóidh an tionchar ar phobail áitiúla nó agus an timpeallacht.

Tá an tionscadal go maith chun cinn ó thaobh pleanála faoi láthair agus tá súil larratas Ordú Iarnróid a chur isteach i 2010. Meastar go dtógfaidh an tógáil sé bliana.



Delivering the project

Iarnród Éireann is committed to delivering a truly world class rapid rail system to the people of Dublin and the country as a whole.

To achieve this goal, DART Underground is working in partnership and consultation with a wide range of international experts, local communities, stakeholders and politicians who all have a key role to play in the success of the project.

An Environmental Management Plan will guide the construction of the DART Underground to ensure that its impact on natural resources, existing properties and urban infrastructure are minimised and are being strictly monitored.

Drawing on expertise from around the world, the DART Underground team will approach construction with the highest professional standards with regard to safety, security and sustainability.



Christchurch Station Entrance
Bealach Isteach Stáisiúin Theampall Chríost

An Seachadadh

Tá Iarnród Éireann tiomanta córas luath-taistil iarnróid a bheidh ar cheann de na córais is fearr ar domhan a chur ar fáil do mhuintir Bhaile Átha Cliath agus don tír ar fad.

Tá Dart Faoi Thalamh ag obair i gcomhpháirtíocht agus i gcomhchomhairle le saineolaithe idirnáisiúnta, le pobail áitiúla, le geallsealbhóirí agus le polaiteoirí a bhfuil príomhról acu ar fad chun an tionscadal seo a thabhairt chun críche le go mbainfear an sprioc amach.

Treoirí Plean Bainistíochta Comhshaoil tógáil Dart Faoi Thalamh, rud a chinnteoidh go mbeidh an tionchar ar acmhainní nádúrtha, ar fhoirgnimh atá cheana féin ann agus ar infrastruchtúr uirbeach laghdaithe agus go mbeidh dianmhonatóireacht ar bun.

Tabharfaidh foireann DART Faoi Thalamh faoin tógáil leis na caighdeáin ghairmiúla is airde i dtaobh sábháilteachta, slándála agus inmhharthanachta ag tarraingt ar shaineolas ó ar fud na cruinne.



St. Stephen's Green
Faiche Stiabhna



St. Stephen's Green Platform
Ardán Fhaiche Stiabhna

DART Underground - Route and Station Locations

DART Faoi Thalamh - Bealach agus Suíomhanna Stáisiún

Inchicore:

The portal (entrance) to the tunnel will be located at Inchicore on existing Iarnród Éireann land. A new surface DART station will be located at Inchicore which will open up a variety of new transport links for local communities. The extension of the tunnel to Inchicore will remove the requirement to increase the number of rail tracks between Inchicore and Heuston Station to meet the underground line, which would have a significant impact on properties.

Stáisiún Inse Chór:

Beidh an tairseach (bealach isteach) go dtí an tollán in Inse Chór ar thalamh atá ag Iarnród Éireann cheana féin. Beidh stáisiún DART os cionn talún lonnaithe in Inse Chór agus beidh raon de naisc nua iompair éagsúla ann don phobal áitiúil. De bharr síneadh leis an tollán ag Inse Chór ní theastóidh níos mó ráillí iarnróid idir Inse Chór agus Stáisiún Heuston chun freastal ar an líne traenach faoi thalamh, rud a chuirfeadh as do mhaoín.

Heuston:

This station will be located beneath the existing Heuston Railway Station structure and will be accessed via an escalator from within the main station concourse. It will provide a convenient interchange with the Luas Red Line and Iarnród Éireann's Intercity and Commuter services.

Stáisiún Heuston:

Beidh an stáisiún seo faoin struchtúr atá cheana féin ag Stáisiún Iarnróid Heuston agus beidh deis isteach ann via staighre ó concourse an phríomhstáisiúin. Cuirfidh sé acomhal caoithiúil ar fáil go dtí an Líne Luas Dhearg agus chuig seirbhísí traenach Idirchathrach agus Comaitéara Iarnróid Éireann.



Pearse:

Pearse Station will become a central transport hub, providing an interchange between the two Dart lines, and linking to Connolly Station and outer commuter services.

Access to the new underground station will be provided by a walkway to the existing Pearse station and a new entrance on Sandwith St, allowing convenient pedestrian links to the south east City Centre.

Stáisiún na bPíarsach:

Is mol iompair lárnach a bheidh i Stáisiún na bPíarsach a dhéanfaidh acomhail idir an dá líne Dart agus ina mbeidh nasc go Stáisiún Uí Chonghaile agus chuig seirbhísí comaitéara seachtracha.

Beidh rochtain ar an stáisiún nua faoi thalamh ar shiúl bhealach go Stáisiún na bPíarsach mar atá agus trí bhealach nua isteach ar Shráid Sandwith a thabharfaidh naisc chaoithiúla do choisithe go oirdheisceart Lár na Cathrach.

Spencer Dock:

This station will be located within the Spencer Dock Development. The main station entrance will be in Station Square, adjacent to the Luas stop on Mayor Street. A second entrance will be located on North Wall Quay. Overall, this station will significantly increase access to the new banking and legal business hub, the new National Convention Centre and a wide range of other tourist and leisure facilities and attractions.

Stáisiún Duga Spencer:

Beidh an stáisiún seo laistigh d'Fhorbairt Duga Spencer. Is ag Cearnóg an Stáisiúin in aice le stad Luas Shráid an Mhéara a bheidh an príomhbhealach isteach ann. Lonnófar bealach isteach eile ag Cé an Phoirt Thuaidh. Tríd is tríd tabharfaidh an stáisiún seo teacht níos fearr ar an mol nua ina bhfuil an gnó baincêireachta agus dlí, ar an Lár-Ionad Coinbhinsiún agus ar raon leathan de shaoráidí agus de thaitneamhachtaí turasóireachta eile.

Christchurch:

The entrance and ticket hall for this station in The Liberties area will be located within the vicinity of the Amphitheatre at Dublin City Council Civic Offices with access onto Winetavern Street and Essex Street. Emergency access and ventilation shafts will be located on Cook Street. This station also connects with the proposed Luas line F, from City Centre to Lucan.

Stáisiún Theampall Chríost:


Is i gceantar Na Saoirsí atá cóngarach d'Oifigí Cathartha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheidh an bealach isteach agus halla na dticéad don stáisiún seo agus bealach amach uaidh go Sráid na Fíona agus Sráid Essex. Beidh rochtain éigeandála agus seaftaí aeraithe ar Shráid na gCócáirí. Chomh maith leis sin nascaidh an stáisiún seo leis an Líne Luas F atá molta dul ó Lár na Cathrach go Leamhcán.

St. Stephen's Green:

This station will have a convenient link with the Metro North in the Northwest corner of the Green. The station shares a concourse with the Metro North at the south end of Grafton Street. It also links with the Luas Green line. The station will provide excellent access to Dublin City Centre.

Stáisiún Faiche Stiabhna:

Beidh nasc caoithiúil ag an stáisiún seo leis an Meitreo Thuaidh sa choirneál thiar thuaidh den Fhaiche. Roinnfidh an stáisiún concourse leis an Meitreo Thuaidh ar an taobh ó dheas de Shráid Grafton. Nascaidh sé freisin leis an Líne Luas Uaine. Tabharfaidh an stáisiún sár-rochtain chuig Lár Bhaile Átha Cliath.







Contact us...

You can contact the DART Underground project office in a number of ways. You can write via post or email, or call us at our dedicated project locall number. We would be happy to answer any queries and address any concerns you may have.

DART Underground, Project Office, Heuston Station, Dublin 8.

Locall: 1890 200 500 **Email:** dartunderground@irishrail.ie **Web:** www.irishrail.ie/dartunderground

Déan teagmháil linn...

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hoifig tionscadail Dart Faoi Thalamh ar bhealaí éagsúla. Is féidir leat scríobh chugainn tríd an bpost nó trí ríomhphost, nó glao ar an uimhir áitiúil tionscadail ar leith. Beimid sásta aon cheist atá agat a fhreagairt agus aghaidh a thabhairt ar aon ábhar imní.

DART Faoi Thalamh, Oifig Tionscadail, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Ló-glao: 1890 200 500 **R-phost:** dartunderground@irishrail.ie **Láithreán Gréasáin:** www.irishrail.ie/dartunderground

